



Téama

Daonáireamh ~ Glac do pháirt!

Cuspóirí

Go gcuirfear ar chumas an pháiste:

- próiseas an Daonáirimh ranga a thuiscint agus cur síos a dhéanamh air
- roghnaigh sonraí le léiriú i bhformáid ghraif
- na sonraí bailithe a léiriú i bhformáid ghraif
- na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir gach graf a phlé agus an ceann is feiliúnaí a aimsiú
- míniú a bhaint as na sonraí atá léirithe ar ghraf
- anailís a dhéanamh ar na sonraí agus plé a dhéanamh ar cén chaoi is féidir úsáid a bhaint astu

Modheolaíochtaí

- ✓ Réiteach Fadhbanna
- ✓ Foghlaim i gcomhar lena chéile
- ✓ Úsáid a bhaint as an Timpeallacht
- ✓ Foghlaim ghníomhach
- ✓ Scileanna tríd Toilleadh
- ✓ Caint agus Díospóireacht

Scileanna Matamaiticiúla

- ✓ Cuir i bhfeidhm agus Réiteach Fadhbanna
- ✓ Cumarsáid a dhéanamh agus Léiriú
- ✓ Comhtháthú agus Ceangail
- ✓ Réasúnú
- ✓ Cuir i ngníomh
- ✓ Tuiscint agus Athchuidimhniú

Tascanna

- Caint agus díospóireacht – dul siar ar smaointe agus coincheapa ó Cheachtanna a hAon agus a Dó.
- Imeacht don rang ar fad – breathnú ar na sonraí céanna a léiriú ar ghraif dhifriúla
- Obair Aonair – sonraí a léiriú ar ghraif
- Obair bheirte – anailís ar sonraí
- Seisiún díospóireachta – smaoinigh ar agus measúnú a dhéanamh ar an bpróiseas don daonáireamh ranga; plé a dhéanamh ar cén chaoi is féidir na sonraí bailithe a úsáid le cinneadh a dhéanamh

Teastaíonn

- Acmhainn 3.1 ‘Sláintiúil nó Mí-Shláintiúil’ Teimpléad
- Acmhainn 3.2 ‘Cé chomh sláintiúil a cheapann tú atá tú?’ Teimpléad don Bhlocghraf
- Acmhainn 3.3 ‘Cé chomh sláintiúil a cheapann tú atá tú?’ Teimpléad don Bharrachairt
- Acmhainn 3.4 ‘Cé chomh sláintiúil a cheapann tú atá tú?’ Teimpléad don Bharrachraf Líne
- Acmhainn 3.5 Anailís Sonraí
- Acmhainn 3.6 – 3.8 Taisteal chun na scoile – Teimpléid Ghraif
- Acmhainn 3.9 Taisteal chun na scoile – Anailís Sonraí

Príomhtheachtairéachtaí

- Is féidir daonáireamh a dhéanamh ag leibhéal éagsúla – leibhéal náisiúnta, seomra ranga
- Is féidir na sonraí bailithe a chur in iúl ar bhealaí éagsúla – mar thábla, léaráid agus i bhformáid ghraif.
- Is féidir graif éagsúla a úsáid le cineálacha difriúla eolais a léiriú.
- Is féidir graif agus léaráidí a úsáid le sraitheanna a chur i gcomparáid agus le heolas a sholáthar ar bhealach éifeachtach.
- Tá sé tábhachtach anailís a dhéanamh ar na sonraí agus pleanáil don todhcháil.

Comhtháthú agus Nascáil:

Gaeilge: Teanga Labhartha: Caint agus díospóireacht, ceisteanna a chur, ceisteanna a fhreagairt, réasúnú, cuir síos, míniú, comparáid a dhéanamh.....

Mata: Sonraí a léiriú agus a mhíniú; comhaireamh, iomláin a fháil, difríocht...

Forbairt Teanga: *Daonáireamh, comhaireamh oifigiúil, rialtas, bailigh, ceist, eolas, foirm, taispeáin/léirigh, taifead, graf, cairt, tábla, léaráid, léaráid Chearúil, blocghraf, barrachairt, sonraí staitisticí, pleanáil, todhcháil, seiceáil, comhaireamh, tábhachtach, cinneadh.*

Measúnú

Beidh na páistí in ann

- céimeanna sa Phróiseas Daonáirimh Ranga a mhíniú
- na sonraí/eolas atá bailithe a phlé
- léaráid Chearúil, blocghraf agus barrachairt a thuiscint, a chruthú agus a úsáid
- plé a dhéanamh ar chosúlachtaí, difríochtaí agus úsáid gach ceann de na bealaí léirithe
- míniú a bhaint as léirithe graif agus anailís a dhéanamh ar na sonraí
- moltaí a dhéanamh maidir le húsáid sonraí

Pointí Airde don Mhúinteoir

Déan nóta i leabhar nótaí d’aon eachtraí tábhachtacha a thugann tú faoi deara, mar shampla páiste a bhfuil deacracht aige/aici na ceisteanna tábhachtacha a chur agus a fhreagairt, cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas, graif agus léaráidí a chruthú nó míniú a bhaint astu. Tabhair faoi deara freisin aon pháistí go dteastaíonn dúshlán níos mó uathu agus bain úsáid as na moltaí tugtha san obair bhreise.

Obair Bhreise

- Roghnaigh tuilleadh sonraí ó fhoirm an Daonáirimh le léiriú.
- Cuir sonraí in iúl i bhformáidí éagsúla graif.
- Déan anailís ar sonraí agus bain míniú astu.
- Scrúdaigh cuid de na sonraí atá bailithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh

Naisc Bhaile/Scoile

Pléann na páistí an próiseas lena dtuismitheoirí/caomhnóirí. Roghnaigh sonraí le léiriú agus graf/léaráid fheiliúnach. Breathnaigh ar www.cso.ie agus scrúdaigh cuid den eolas atá bailithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh.

Nótaí an Mhúinteora - Ceacht a 3

Réamhrá

Plé agus Díospóireacht



Dul siar ar phríomhtheachtaireachtaí ó cheachtanna 1 agus 2 - Céard is cuimhin linn?

- Baint úsáid as plé agus díospóireacht ag leibhéal ranga iomláin le dul siar ar na príomhchoincheapa ó na ceachtanna roimhe seo:
 - ✓ Céard é daonáireamh agus cén fáth go mbíonn sé ann
 - ✓ An chaoi a gcuireann An Phríomh-Oifig Staidrimh daonáireamh i gcrích
 - ✓ Tábhacht a bhaineann le buncheistanna a chur – Cén duine? Cén rud? Cén áit? Cén uair? Cén fáth? Cén chaoi?
 - ✓ Cén chaoi a mbailítear sonraí
 - ✓ Cén chaoi a mbaintear úsáid as sonraí nuair atá siad bailithe.
- Déan plé ar an mbealach ar cuireadh an daonáireamh ranga i gcrích. Bain úsáid as na léaráidí a dhearaigh na páistí nó as grianghrafanna de gach céim sa phróiseas agus cuir ceannscríbhinní orthu leis na céimeanna sa phróiseas a thaispeáint.



1. Rinneadh foirm dhaonáirimh ranga a dhearadh.
2. Dáileadh na foirmeacha daonáirimh ar gach páiste sa seomra ranga.
3. Ar lá an daonáirimh, léigh na páistí ar fad sa seomra ranga na ceistanna ar fhoirm an daonáirimh agus scríobhadar a gcuid freagraí ar an bhfoirm.
4. Bailíodh foirm dhaonáirimh ó gach páiste.
5. Rinneadh na foirmeacha daonáirimh a sheiceáil agus na freagraí a chomhaireamh i lár ‘oifig’.

Déanfar na céimeanna seo a leanas a scrúdú sa cheacht seo:

6. Tá an t-eolas léirithe ar ghraif nó ar thaispeáint i bhformáid léaráide nó tábla.
7. Déantar na graif seo a phlé agus baintear míniú as na torthaí.
8. Is féidir an t-eolas a úsáid le cinneadh ranga/scoile a dhéanamh.



Gníomhaíocht don Rang Iomlán

- Míniú do na páistí go bhfuil sé in am anois an t-eolas atá bailithe ar na foirmeacha daonáirimh ranga a léiriú agus a chomhaireamh ar bhealach éigin.
- Tóg ceist amháin ón bhFoirm Dhaonáirimh Ranga, mar shampla ‘Cé chomh sláintiúil a cheapann tú atá tú?’
- Déan plé ar an tábhacht a bhaineann leis an bhfreagra ar gach ceist ar fhoirm an daonáirimh nó ar aon fhoirm eile a phlé roimh, go simplí, tic a chur i mbosca. Sa chás seo, tá sé riachtanach do dhaoine smaoinemh faoina sláinte agus faoin mbealach a mhaireann siad féin roimh na ceistanna a fhreagairt. I seisiún tobsmaointe d’fhéadfadh na páistí moltaí a dhéanamh ar bhealaí don duine é/í féin a dhéanamh níos sláintiúla / níos mí-shláintiúla [Acmhainn 3.1]
- Míniú do na páistí go bhfuil ceithre fhreagra gur féidir ceann a roghnú ar an gceist seo ar fhoirm an Daonáirimh Ranga, is iad sin
An-sláintiúil Sláintiúil Níl an-shláintiúil An-mhí shláintiúil
- Iarr ar na páistí cén chaoi go bhféadfadh siad an t-eolas seo a thaispeáint (léiriú). Mol dóibh fíor-ábhair a úsáid chun na sonraí seo a léiriú, mar shampla, túir chiúbanna, sleabhraí naisc fhoghlama ... Spreag na páistí le smaoinemh ar cén chaoi go bhféadfadh siad difríocht a thaispeáint idir an dá phíosa eolais (dathanna a úsáid).


- Scrúdaigh na bealaí éagsúla leis an eolas a léiriú, mar shampla, blocghraf, barrachairt ... ag baint úsáide as fíor-ábhair ar dtús agus as páipéar ina dhiaidh sin.
- Taispeáin do na páistí le gach graf a chruthú. Is féidir é seo a dhéanamh go hidirghníomhach ag leibhéal ranga iomláin le gach páiste ag tabhairt cúnaimh le gach graf a chruthú ar chlár bán/maighnéadach, mar shampla

Léaráid A:

Léaráid B:



Léaráid C:



- Déan plé ar na cineálacha éagsúla graif agus léaráidí leis na páistí. Cuir ceisteanna orthu len iad a threorú le measúnú a dhéanamh ar cén cineál graif ab fhearr úsáid le dhá shraith sonraí a léiriú, mar shampla
 - ✓ Cén difríocht atá idir Barrachairt agus Blocghraf?
 - ✓ Cén difríocht atá idir Blocghraf agus Barraghráf líne?
 - ✓ An mbreathnaíonn aon cheann de na graif mar a chéile (cosúil)? Cén chaoi?
 - ✓ Cén graif is simplí le léamh? Cén fáth ?
 - ✓ Cén graif is simplí le cruthú? Cén fáth ?
 - ✓ Cé na graif gur féidir a úsáid le n-insint cé mhéad atá i sraith gan iad a chomhaireamh? Taispeáin don rang
 - ✓ Cén chaoi is féidir a rá cé mhéad atá sa tsraith gan iad a chomhaireamh? Taispeáin don rang.
 - ✓ Cén ceann is éasca duit le léamh – an blocghraf nó an barrachairt? Cén fáth?

- I ngrúpaí, is féidir leis na páistí graif a chruthú ag baint úsáide as na teimpléid curtha ar fáil [Acmhainn 3.2, 3.3, 3.4]

- Nuair atá na graif cruthaithe, tá sé tábhachtach múineadh do na páistí leis na graif a úsáid chun anailís a dhéanamh ar na sonraí agus le ceisteanna a fhreagairt agus leis an eolas atá curtha ar fáil a úsáid ar bhealach praiticiúil. Bain úsáid as an liosta ceisteanna seo a leanas nó cuir bileog oibre ar fáil do na páistí le plé a dhéanamh ina ngrúpaí [Acmhainn 3.5]

Anailís ar na Sonraí

Úsáid na graif leis an eolas seo a fháil:

1. Cé mhéad sraith atá léirithe ar an ngraf/léaráid seo?
2. Cé acu sraith is mó?
3. Cé acu sraith is lú?
4. Cuir in ord iad ón gceann is lú go dtí an ceann is mó.
5. Cé mhéad daoine a cheapann go bhfuileadar an-slaintiúil?
6. An gceapann go leor daoine go bhfuileadar an-mhí shlaintiúil? Cén fáth é seo i do thuairim?
7. An bhfuil níos mó fireannach ná baineannach ann? Cé mhéad níos mó?
8. Céard é an difríocht idir an tsraith is mó agus an sraith is lú?
9. An bhfuil níos mó sa tsraith ‘Níl an-slaintiúil’ ná sa tsraith ‘An-mhí shlaintiúil’?
10. An gceapann tú go mbeadh an graif mar an gcéanna dá mbeadh daoine fásta ag freagairt na gceisteanna? Cén fáth?



Seisiún Díospóireachta

Sa seisiún seo, oibríonn na páistí agus an múinteoir lena chéile agus déanann siad plé ar pháirteanna den cheacht.

- Téigh siar ar an bPróiseas don Daonáireamh Ranga ag úsáid:

Príomhcheisteanna Samplacha:



- Déan cur síos ar n **Daonáireamh 2016** iad sin

Céim 5: Tá an t-eolas bailithe léirithe ar ghraif nó i bhformáid léaráide nó tábla.

Céim 6: Léann daoine na graif nó liostaí seo agus pléann siad na torthaí.

- D'fhéadfadh na páistí ansin smaoineamh faoin mbealach go bhféadfadh an t-eolas a úsáid sa scoil le cinneadh a thógáil, is é sin

Céim 7: Is féidir an t-eolas a úsáid don díospóireacht ranga/scoile agus le cinneadh a dhéanamh, is é sin

- Cé chomh sláintiúil a cheapann muid sa scoil seo atáimid?
- Céard iad na céimeanna gur féidir linn a thógáil le cinntiú go mbíonn gach páiste níos sláintiúla?
- Céard iad na gnéithe den tsláinte gur féidir linn níos mó a fhoghlaim fúthu ?
- Cén chaoi is féidir linn daoine a chur ar smaoineamh faoina sláinte féin?

Obair bhreise

- Tóg ceist eile ó fhoirm an daonáirimh agus cruthaigh graif leis na torthaí a chur in iúl, mar shampla

Cén chaoi a dtagann tú chun na scoile ?

Carr Ag siúl Ar rothar Bus Eile _____

B'fhéidir go mbeidh ar cuid de na páistí na teimpléid atá ar fáil a úsáid [Acmhainní 3.6 – 3.8]

- Is féidir ansin anailís a dhéanamh ar na sonraí bailithe ón gceist 'Taisteal chun na Scoile'. [Acmhainn 3.9]

Naisc bhaile/scoile

- Déan na céimeanna i bpróiseas Daonáirimh Ranga a phlé – mínigh cén chaoi gur cuireadh an daonáireamh seo i gcrích do do theaghlach [d'fhéadfaí úsáid a bhaint as an gcairt um príomhcheisteanna nó as na cártaí céime Fiosrúcháin le cúnaimh a thabhairt do na páistí na céimeanna a chur i ndiaidh a chéile agus a athinsint]
- Roghnaigh ceist eile ó fhoirm an Daonáirimh Ranga, bain úsáid as na sonraí curtha ar fáil ar an bhfoirm scóir daonáirimh agus cruthaigh ceann de na graif a bhí in úsáid leis an eolas a léiriú.
- Tabhair cuairt ar www.cso.ie le breathnú ar an gcineál eolais a bhailíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh.



Sláintiúil nó Mí-Shláintiúil ~ Tá sé suas agat féin!



Liostaigh bealaí a ndéanann an duine é/í féin:

--	--





Sláintiúil

Mí-Shláintiúil


Cé chomh sláintiúil a cheapann tú atá tú?

Barrachairt

20
19
18
17
16
15
14
13
12
11
10
9
8
7
6
5
4
3
2
1



Cé chomh sláintiúil a cheapann tú atá tú?
Barragrahraf Líne



Cé chomh sláintiúil a cheapann tú atá tú?

Anailís Sonraí

Déan staidéar ar na graif agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

- + Cé acu sraith is mó?
- + Cé acu sraith is lú?
- + Cuirimís in ord iad ón gceann is lú go dtí an ceann is mó
- + Cé mhéad daoine a cheapann go bhfuileadar sláintiúil?
- + Cé mhéad daoine a cheapann go bhfuileadar an-mhí shláintiúil? Cén fáth é sin i do thuairim?
- + Céard é an diríocht idir an tsraith is mó agus an tsraith is lú?
- + An bhfuil níos mó sa tsraith 'Níl an-sláintiúil' ná sa tsraith 'An-mhí shláintiúil'?
- + An gcheapann tú go mbeadh an graf mar an gcéanna dá mbeadh daoine fásta ag freagairt na gceisteanna? Cén fáth?

Liostaigh na bealaí go bhféadfadh duine é/í féin a choinneáil an-sláintiúil....



Cén chaoi a dtéann muid ar scoil



10					
9					
8					
7					
6					
5					
4					
3					
2					
1					
	Ag siúl	Ar rothar	Bus	Carr	Eile



Cén chaoi a dtéann muid ar scoil



10-					
9-					
8-					
7-					
6-					
5-					
4-					
3-					
2-					
1-					
	●	●	●	●	●
	Ag siúl	Ar rothar	Bus	Carr	Eile



Anailís Sonraí
Taisteal chun na Scoile



Déan staidéar ar na graif agus freagair na ceisteanna seo a leanas

- + Cé acu sraith is mó?
- + Cé acu sraith is lú?
- + Cuirimís in ord iad ón gceann is lú go dtí an ceann is mó
- + Cé mhéad daoine a siúlann ar scoil?
- + An dtagann níos mó daoine ar scoil sa bhus nó i gcarr? Cén fáth i do thuairim?
- + Cé na bealaí eile a dtagann daoine ar scoil ?
- + An siúlann nó an dtagann níos lú daoine ar scoil ar rothar?
- + Cé mhéad daoine a thagann ar scoil i bhfeithicil?
- + Cuirimís in ord iad ón gceann is mó go dtí an ceann is lú.

Smaoinigh ar cheisteanna go bhféadfadh tusa a chur..
